C/2024/7052

20.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11799 – TPG / M&G / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7052)

1. An 13 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— TPG Inc. ('TPG', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— The Prudential Assurance Company Limited ('PACL', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú M&G plc, ('M&G', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh TPG agus PACL rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar chomhfhiontar nuachruthaithe.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht domhanda um bainistiú sócmhainní malartacha é TPG,

— Soláthraíonn PACL táirgí árachais fadtéarmacha lena n-áirítear árachas saoil, táirgí pinsin infheistíochta agus blianachtaí pinsin. Is gnólacht coigiltis agus infheistíochta idirnáisiúnta é a mháthairchuideachta dheiridh, M&G, a thairgeann réimse táirgí agus seirbhísí airgeadais.

3. Beidh úinéireacht ag an gcomhfhiontar nuachruthaithe ar na leasanna tairbhiúla i 59 sócmhainn thionsclaíocha il-ligin ar fud na Ríochta Aontaithe, arb ionann iad agus 5.9 milliún troigh cearnach ar fud 844 aonad, agus oibreoidh sé sa Ríocht Aontaithe amháin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11799 – TPG / M&G / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË